An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

M.62T

**An páipéar seo le thabhairt do na hiarrthóirí ar an 7 Bealtaine, 1999**

# EALAÍN
# CUMADÓIREACHT SHAMLAÍOCH nó ÁBHAR NEAMHBHEO - GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ hAOINE 14 BEALTAINE - MAIDIN 9.30 go dtí 12.00

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe go soiléir sa spás atá ann di ar an bpáipéar líníochta. Is ceadmhach duit cúl an pháipéir a úsáid más mian leat.
Scríobh teideal an pháipéir - "Ábhar Neambheo" nó "Cumadóireacht Shamhlaíoch" - ar an mbileog líníochta thíos díreach faoi bhun d'Uimhir Scrúdaithe.
Ceadaítear úsáid a bhaint as rianpháipéar, as páipéir dhaite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá de ghnáth leis an gceist a fhreagairt.
Ní mór do na hiarrthóirí a roghnaíonn Ábhar Neamhbheo rudaí cuí is rogha leo féin a thabhairt isteach agus a ngrúpaí féin a shocrú in am do thús an scrúdaithe.

---

## SLIOCHT TUAIRISCIÚIL

Ina bhfuil pointí tosaithe

**N.B. Ní mór do phointe tosaithe a bheith luaite ar chúl do chuid oibre.**

Mhair an turas sa bhád farantóireachta chun an oileáin 15 nóiméad – an líon céanna bliana ó bhí mé ann cheana. Agus mé suite ar dheic an bháid farantóireachta, bhí mé in ann an oileán a fheiceáil díreach ós mo chomhair amach. D'éirigh a dhá chnoc íontach amach as an bhfarraige aníos, clúdaithe go buaic nach mór go beann an chnoic le crainn agus raithneach. D'fhéadfainn an baile agus an cé a fheiceáil neadaithe faoin dá fhathach sin a bhí ag lonrú i solas geal gréine na maidine. Bhí cúpla bád iascaireachta ar ancaire sa ché ag fanacht ar an gcéad oíche iascaireachta eile. Bhí scáil chrithloinnreach na mbád ar an uisce shocair go hálainn teibí; cruthanna anchumtha agus sínte, dathanna báite ina chéile agus measctha le chéile. Bhí feamainn dhonn, ghlas agus ócar mórthimpeall ar na carraigreacha a bhí leath faoi uisce. Bhí faoileán scadán tuirlingthe ar bhulla geal-phéinteáilte, agus d'eitil ealta roilligh (nó faoileáin, nó éanlaithe eile) thar bráid. Bhí Eibhlín ag breathnú go géar ar na tonnta le cabhair déshúiligh. Teastaíonn uithi a chinntiú go bhfaigheann sí dea-radharc ar an iliomad éan éagsúil a bhíonn ar foluain ós cionn an uisce cúrach, nó ag tumadh isteach ins na tonnta ghlasa le breith ar éisc. Tá an ghrian ag glioscarnach ar an uisce. Tá an spéir gorm, breactha anseo is ansiúd le cúpla scamall bán.

Agus muid ag druidim leis an gcé thosaigh mé ag macnamh ar na hathriathe a bheadh tagtha ar an oileán ó d'fhág mise í. Chonaic mé gur nós leis na hiascairí éisc na hoíche staiceáil i mboscaí ar bhalla na céibhe. Bhí gach saghas éisc íontacha ann – ina measc bhí portán, gliomach, trosc agus bráthair

Is iomaí cuimhne a tháinig chugam ag siúl aníos na príomhsráide dom. Chonaic mé go raibh seomraí tae Theach na Céibhe, foirgneamh beag cloiche agus díon slinne air, fós ar oscailt. Lasmuigh ar an gcosán bhí cúpla macléann Eorpach suite faoi scáth gréine ag ól tae. Bhí treoirleabhar turasóireachta agus caipín baseball ar an mbord taobh leis na cupáin, na fo-chupáin, an bainne agus rudaí eile.

Chonaic mé go raibh siopa leabhar sa bhaile anois. Bhí riar maith leabhar cruachlúdach ar taispeántas sa bhfuinneog - roinnt acu staiceáilte, roinnt eile oscailte. Ba léir dom ó na leabhair a bhí ar taispeántas go raibh an tóir chéanna ar leabhair uafáis anseo ar an oileán is a bhí in aon áit eile.

Stop mé ag teach beag ag barr an chnoic. Bhí dhá fhuinneog bheag thuas staighre agus bhí geiréiniamaí dearga i bpotaí ar leic na bhfuinneog níos mó thíos staighre. Bhí torr róis dreapadóirechta mórthimpeall ar an doras oscailte agus bhí cait ag crú na gréine ar an gcéim cloiche. Bhí dháchathaoir deice stríocacha ar an bplásóg bláth-chiumhsach. Mórthimpeall ar an dteach bhí roinnt crainn arda, a nduilleoga ag séideadh i leoithne na maidine. Bhí balla cloiche le geata dearg ós comhair an gháirdín. Sheas beirt sean-bhean ag cabaireacht ag an ngaeata, a málaí siopadóireachta ar an talamh taobh leo. Bhí roinnt de na hearraí siopadóireacht titithe amach ar an talamh. D'fhéadfainn torthaí úra agus glasraí a fheiceáil, gnáth shiopadóirecht maidin na hAoine. B'aoibhinn an rud é a bheith abhaile.

## GAN ACH CEIST AMHÁIN A FHREAGAIRT

Roghnaigh pointe tosaithe as an sliocht thuas.

1. Tarraing nó péinteáil pictiúr a ritheann leat tar éis duit an sliocht tuairisciúil a léamh.

Nó

2. Tarraing nó péinteáil grúpa neamhbheo de na rudaí atá sa sliocht tuairisciúil nó de rudaí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.

Nó

3. Déan ceapadóireacht theibí a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann.